



Bunús, Siombalachas agus Stádas Amhrán Náisiúnta na hÉireann: foghlaim ar bhonn fiosraithe do dhaltaí sinsearacha

LE SHANE FITZGERALD (HTAI)

REÁSÚNAÍOCHT

Bhí Saorstát Éireann roinnt blianta ar an bhfód i ndeireadh na 1920idí nuair a bhíothas ag féachaint le féiniúlacht náisiúnta níos láidre a chruthú dó trí mhodhanna síochánta agus siombalach. Chuir sin níos mhó sraith siombailí agus traidisiún a mhúnlú a bheadh suaithinseach usal agus a d'aithneofai go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cé go raibh an Chláirseach agus Bratach na hÉireann in úsáid go coitianta ag an Stát faoin tráth sin, ní raibh aon amhrán náisiúnta aitheanta go fóill a bheadh oiriúnach d'ócáidí Stáit. I gcás formhór na dtíortha nua-aoiseacha, léiríonn an t-amhrán náisiúnta na luachanna, an stair agus an fhéiniúlacht atá i gcoiteann ag an bpobal náisiúnta ar fad. Níorbh amhlaidh sa stát nua Éireannach, áfach. Bhí Éire faoi smacht na Breataine leis na céadta bliain agus bhí an Bhreatain díreach tar éis tacú le críochdheighilt an oileáin freisin, rud a chuir bac ar an stát nua cultúr agus nósanna suaithinseacha a chruthú dó féin. Ní den iontas é nach rabhtas ar aon tuairim faoin amhrán náisiúnta ach oiread agus gan ach cúpla bliain ann ó tháinig deireadh leis an gcogadh cathartha gangaídeach. Conas a tháinig Amhrán na bhFiann chun cinn mar amhrán náisiúnta mar sin? Is fiú go mór taighde a dhéanamh ar scéal 'Amhrán na bhFiann', ar an stair a bhaineann leis, ar an úsáid a bhaintear as agus ar an gcaoi

ar glacadh leis go hoifigiúil mar amhrán náisiúnta. Is fiú an t-eolas seo a roinnt le daltaí staire freisin. Bhain conspóid leis an amhrán nuair a glacadh leis, go háirithe mar gheall ar na dearchtaí míleataíochta a cuireadh in iúl ann. Réitigh na dearchtaí sin le hidéil a bhí ag poblachtaigh agus náisiúnaigh le blianta fada, ach bhí siad ina gcúis cáinte ag Aontachtaithe agus ina gcúis amhráis ag nua-aoisithe a bhí ag iarraidh an t-athmhuintearas a chur chun cinn in Éirinn.

Chum Peadar Ó Cearnaigh agus Pádraig Ó hÉanna 'A Soldier's Song' as Béarla thart ar an mbliain 1910. Foilsíodh téacs an amhráin sa nuachtán radacach Irish Freedom sa bhliain 1912. Bhí an nuachtán sin faoi stiúir Bulmer Hobson, a bhí ina bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann. De réir mar a tháinig borradh faoin ngluaiseacht ar son na saoirse leath an chail a bhí ar an amhrán féin tar éis d'Óglaigh na hÉireann glacadh leis mar amhrán máirseála. Agus iad ar tí Ard-Oifig an Phoist a thréigean ag deireadh Sheachtain na Cásca 1916, chan baill d'Óglaigh na hÉireann, d'Arm Cathartha na hÉireann agus de Chumann na mBan 'A Soldier's Song' le cheile. Chantaí an t-amhrán go mínic sna campaí géibhinn le linn Chogadh na Saoirse agus ina dhiaidh. Ba é Liam Ó Rinn a d'aistrigh an t-amhrán go Gaeilge mar 'Amhrán na bhFiann' agus foilsíodh an leagan seo den chéad uair sa bhliain 1923. Chuaigh cuid acu siúd a bhí i ngeibheann le linn Chogadh na Saoirse isteach i rialtas an tSaorstáit agus ba dheacair leo teacht ar amhrán cuí seasta d'ócáidí stáit



agus d'ócáidí idirnáisiúnta. iad ag baint leas as 'Let Erin Remember', 'God Save Ireland' agus 'A Nation Once Again' ar bhonn sealaíochta. Tugtar le fios sna miontuairiscí ó chruinniú d'Ard-Chomhairle Shaorstát Éireann ar an 12 Iúil 1926 gur cinneadh glacadh le 'Amhrán na bhFiann' mar amhrán náisiúnta oifigiúil na tíre. Ní dhearnadh aon fhógra poiblí foirmeálta ina leith seo ag an am, áfach, agus is don taifead oifigiúil amháin a rinneadh an cinneadh. Ba lag an tús é, d'fhadfaí a rá. Tá an ceacht seo feiliúnach le haghaidh daltaí sinsearacha agus cuideoidh sé leo

scileanna fiosraithe agus scileanna taighde a fhorbairt, foinsí a mheas, anailís a dhéanamh ar bhunús foinsí agus úsáid a bhaint as an Idirlíon go heiticiúil. Féadfar an ceacht a dhéanamh mar chuid de mhodúl Idirbhliana nó é a chur in oiriúint do dhaltai sinsearacha a bheidh ag déanamh staidéir ar Thórafocht an Cheannais agus ar Chríochdheighilt na hÉireann. Tá iarracht déanta agam oiread solúbthachta is féidir a thabhairt don mhúinteoir agus don dalta araon. Is fúinn féin atá sé an todhchaí a mhúnlú agus an t-am atá thart a thuiscint.

FIOSRÚ TOSAIGH

Comparáid idir 'A Soldier's Song' agus 'Amhrán na bhFiann'

		Fad an cheachta (rang aon uaire)
Spregthach tosaigh	Déanfaidh na daltaí plé (Smaoinigh-Péireáil-Roinn) ar an tuiscint atá acu air seo bunaithe ar an eolas atá acu faoin Amhrán Náisiúnta cheana féin agus ar mhíniú gairid a dhéanfaidh an múinteoir. Roinntear focail 'Amhrán na bhFiann' leis na daltaí (Smaoinigh-Péireáil-Roinn)	15 nóim.
Forbairt an Cheachta	Anailís ar na focail Ghaeilge agus na focail Bhéarla araon, ar an mbrí atá leo agus ar a dtugtar le tuiscint leo. Déanfaidh na daltaí anailís ar fhoinsí maidir leis na hamhráin a úsáideadh sular roghnaíodh an t-amhrán náisiúnta féin Tabharfaidh an múinteoir treoir do na daltaí maidir le tuiscint a fháil ar an éagsúlacht laistigh den amhrán Déanfaidh gach grúpa/na daltaí ag gach bord measúnú ar na sonraí agus tabharfaidh siad breithiúnais stairiúla agus úsáid á baint acu as ceisteanna atá le fáil in Ceistiú Éifeachtach	30 nóim.
Deireadh an Cheachta	Scríobhfaidh na daltaí gearrchuntas machnamhach ar ar fhoghlaim siad ón gceacht agus léirmhíneoidh siad tuiscint nua ar an gcaoi ar glacadh le 'Amhrán na bhFiann' mar amhrán náisiúnta Déanfaidh na daltaí abairt thábhachtach amháin as a gcuntas machnamhach a roinnt leis an gcuid eile den rang.	10 nóim.
Cuspoirí foghlama	1. Gheobhaidh na daltaí tuiscint ar an ngá le hamhrán náisiúnta a tháinig chun cinn i Saorstát Éireann 2. Tabharfaidh na daltaí a meas ar an tionchar a bhí ag an amhrán ar Éirinn ag an am 3. Tabharfaidh na daltaí a mbreithiúnas ar na himpleachtaí a bhain leis an amhrán do thraidisiún an Aontachtais in Éirinn.	
Torthaí Foghlama	1. Gheobhaidh na daltaí tuiscint ar an ról a bhí ag P. Ó Cearnaigh agus P. Ó hÉanna i gcumadh an amhráin 2. Beidh na daltaí in ann a meas a thabhairt ar theacht chun cinn 'Amhrán na bhFiann' trí úsáid a bhaint as bunfhoinsí. 3. Tabharfaidh na daltaí breithiúnas ar an siombalachas a bhain le glacadh an amhráin. 4. Bainfidh na daltaí leas as an idirlíon chun taighde a dhéanamh go heiticiúil	
Critéir ratha	Beidh na daltaí in ann foinsí éagsúla a úsáid chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar bhunús amhrán náisiúnta na hÉireann, ar na himpleachtaí a bhain lena glacadh, ar an tábhacht a bhain leis maidir le Saorstát Éireann a mhúnlú agus ar an tábhacht a bhain leis maidir le cúrsaí féiniúlachta sa stát nua sin	
Difreálú	1. Cad as a n-eascraíonn an gá le hamhrán náisiúnta? 2. Cad iad na hamhráin ba mhó ar baineadh leas astu sular glacadh leis an amhrán náisiúnta oifigiúil? 3. Cad iad na himleachtaí stairiúla a dtagraítear dóibh i ngach véarsa? 4. Cén fáth ar thóg sé chomh fada sin glacadh le hamhrán náisiúnta oifigiúil do Shaorstát Éireann? 5. Cén fáth nach dócha go dtaitneodh an t-amhrán leo siúd a bhfuil dáimh acu leis an aontachtas? 6. Cé chomh tábhachtach a bhí na nithe seo a leanas maidir le 'Amhrán na bhFiann' a roghnú mar amhrán náisiúnta: an creideamh, an eitneacht, an cultúr agus uailmhianta polaitiúla? 7. Cad iad na difríochtaí idir na leaganacha Gaeilge agus Béarla? 8. An raibh tábhacht idirnáisiúnta ag baint le 'Amhrán na bhFiann' a roghnú? 9. Cad iad na bearta a chuir an Rialtas i bhfeidhm d'fhonn cosaint dlíthiúil a thabhairt don Amhrán Náisiúnta? 10. An bhfuil an siombalachas céanna ag baint le 'Amhrán na bhFiann' agus a bhaineann leis an gCláirseach agus le Bratach na hÉireann? 11. Agus an pholaitíocht as an áireamh, conas a cuireadh an fhéiniúlacht Éireannach in iúl san amhrán?	
Litearthacht	Direofar ar na focail thábhachtacha seo a leanas: Amhrán Náisiúnta, Suntasach, Náisiúnachas, Cultúr, Eitneacht, Poblachtach, An Bhreatain, Reachtaíocht, Rialtas, Stát, Flaitheasach, Siombalachas, Cúine.	
Machnamh na nDaltaí	I ndeireadh an cheachta déanfaidh na daltaí machnamh ar ar fhoghlaim siad trí phlé a dhéanamh ar shiombalachas an amhráin náisiúnta	
Naisc le SSM	Snáithe 1 – Nádúr na Staire: baineann 1.1 – 1.11 le hábhar. Snáithe 2 – Stair na hÉireann: 2.3, 2.4, 2.9, 2.10, 2.11	Ráitis Foghlama an SSM
Cuidíonn an ceacht agus an modúl seo le SSM	Príomhscileanna SSM	<ul style="list-style-type: none"> RF 3: Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil. RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngeall idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. RF15: Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama. RF17: Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáid as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla RF24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoinemh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticíúil.
Naisc leis an Ardeistiméireacht	Stair na hÉireann Topaic 3 - Ar thóir an fhlaithis & tionchar na críochdheighilte Tuairisc ar Staidéar Taighde – scoip le haghaidh fiosrú	
Taighde TST/MRB	Is féidir go mbeidh roinnt daoine/imeachtaí tábhachtacha feiliúnach do MRB1 – An tAm atá Thart i nÁit. I measc na ndaoine/n-eachtraí tábhachtacha sin, tá: <ul style="list-style-type: none"> Peadar Ó Cearnaigh agus an IRB Pádraig Ó hÉanna agus 1916 Tomás Ó Mórdha agus 'Let Erin Remember' Liam Ó Rinn agus 'Amhrán na bhFiann' Siombailí de chuid Shaorstát Éireann Traidisiúin cheoil na hÉireann 1920-1940 Cumadóirí Shaorstát Éireann Príosúnaigh Phoblachtacha Frongoch Colonel Wilhelm Fritz Brase, an chéad Stiúrthóir ar Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann 	
An Ceacht ar lean	<ul style="list-style-type: none"> Siombailí Shaorstát Éireann Bunreacht na hÉireann 1937 Bulmer Hobson agus an tAmhrán Náisiúnta Forógra Phoblacht na hÉireann 'God Save the King' versus 'Amhrán na bhFiann': an t-achrann faoin amhrán náisiúnta i gColáiste na Tríonóide in 1929 agus an pholaitíocht i Saorstát Éireann 	